Imdhíonadh do linbh

Treoir do thuismitheoirí

do leanaí a rugadh ar nó tar éis an 1ú Iúil 2015

www.immunisation.ie

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Sceideal imdhíonta óige

Léiríonn an tábla thíos cén aois ag a ndéantar imdhíonadh ar leanaí, cá háit a ndéantar é agus cé na vacsaíní a bhíonn i gceist.

Tá na cineálacha imdhíonta go léir atá liostaithe saor in aisce.

Aois	Ag an mbreith	2 mhí	4 mhí
Cá hÁit	Clinic FnaSS nó ospidéal máithreachais	Lialann DR Cuairt 1	Lialann DR Cuairt 2
Vacsaíniú	BCG INSTEALLADH AMHÁIN	6 in 1 + PCV 2 INSTEALLADH	6 in 1 + MenC 2 INSTEALLADH

DG	Dochtúir Ginearálta
BCG	Bacille Calmette-Guerin (Eitinn)
6 i 1	Diftéire, Haemophilus influenzae B (Hib), Heipitíteas B, Treacha, Polaimiailítis agus Teiteanais
PCV	Niúmacocúil chomhchuingeach
Men C	Meiningeacocúil C
MMR	Bruitíneach, Leicneach, Bruitíneach Dhearg
Hib	Haemophilus influenzae B

Cúig cuairt ar do DR chun an vacsaíniú iomlán a fháil

Ní mór do leanbh a thabhairt go dtí an dochtúir ginearálta cúig uair, chun an vacsaíniú iomlán a fháil.

Ná dean dearmad pas vacsaínithe do linbh a thabhairt leat gach uair, le do thoil.

6 mhí	12 mí	13 mí
Lialann DR Cuairt 3	Lialann DR Cuairt 4	Lialann DR Cuairt 5
6 in 1 + PCV	MMR + PCV	MenC + Hib
2 INSTEALLADH	2 INSTEALLADH	2 INSTEALLADH

do leanaí a rugadh ar nó tar éis an 1ú Iúil 2015

Ábhair

An sceideal imdhíonta óige 6

Roimh an imdhionadh 6
An bhfuil cead agam rud ar bith a thabhairt do mo leanbh roimh re? 7

Ce na cinealacha vacsainithe a dheanfar ar mo leanbh **nuair a bhearfar é/í**? **8**
- Ceard is coir dom a bheith ag suil leis tar eis an vacsainithe? 8
- Ceard a tharloidh ina dhiaidh sin? 8

Ce na cinealacha vacsainithe a dheanfar ar mo leanbh agus e/i **dhá mhí** d'aois? **10**
- Ceard is coir dom a bheith ag suil leis tar eis an vacsainithe? 10
- Ceard a tharloidh ina dhiaidh sin? 10

Ce na cinealacha vacsainithe a dheanfar ar mo leanbh agus e/i **ceithre mhí** d'aois? **12**
- Ceard is coir dom a bheith ag suil leis tar eis an vacsainithe? 12
- Ceard a tharloidh ina dhiaidh sin? 12

Ce na cinealacha vacsainithe a dheanfar ar mo leanbh agus e/i **sé mhí** d'aois? **14**
- Ceard is coir dom a bheith ag suil leis tar eis an vacsainithe? 14
- Ceard a tharloidh ina dhiaidh sin? 14

Ce na cinealacha vacsainithe a dheanfar ar mo leanbh agus e/i **dhá mhí dhéag** d'aois? **16**
- Ceard is coir dom a bheith ag suil leis tar eis an vacsainithe? 16
- Ceard a tharloidh ina dhiaidh sin? 16

Ce na cinealacha vacsainithe a dheanfar ar mo leanbh agus e/i **trí mhí dhéag** d'aois? **18**
- Ceard is coir dom a bheith ag suil leis tar eis an vacsainithe? 18

Ionfhabhtuithe agus an chaoi a gcuireann vacsaíní cosaint ar fáil orthu 20

Ceard is cuis le hionfhabhtu? 20
Ceard is galar togalach ann? 20
Conas a chosnaionn corp mo linbh e fein ar ionfhabhtu? 21
Conas a oibrionn vacsaini? 21
Ce mhead am a thogann vacsaini le tosu ag obair? 21
Cen fath a bhfuil nios mo na aon daileog vacsaine amhain de dhith ar mo leanbh? 21

Míniú ar an sceideal 22

Cén fáth ar athraíodh an sceideal? 22
Cen fath a dtugtar vacsaini ag aois chomh luath sin? 22
Ce chomh trom is ata na galair seo? 23
An dtugtar an iomarca vacsaini? 23
An oibreoidh imdhionadh fos mura ndeanfar ar mo leanbh e ag an am ceart? 23
Ceard a tharloidh mura ndeanfar an vacsainiu seo ar mo leanbh? 24
Ce chomh mor is ata an seans go mbeidh mo leanbh nochta do na galair seo? 24
An oibrionn vacsaini i gconai? 25
Éifeacht na vacsaíní 25

Comhábhair agus sábháilteacht vacsaíní 26

Ceard ata istigh i vacsaini? 26
Comhábhair ghníomhacha 26
Breiseáin 27
An bhfuil vacsaini sabhailte? 27
Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais faoi na vacsaíní a úsáidtear? 27
Ceard faoi na scealta sceimhle? 28

Ceisteanna coitianta faoi imdhíonadh 29

An bhfuil páistí ann nár chóir dóibh na vacsaíní seo a fháil? 29
An bhfuil aon fhathanna ann ar choir moill a chur ar imdhionadh? 29
Ceard faoi chas ina raibh mo leanbh neamhaibi, go raibh meachan breithe iseal aige/aici no go raibh buiochan air/uirthi? 29
Ceard faoi chas ina bhfuil galar trom ar mo leanbh? 29
Ceard ba choir a dheanamh ma ta asma, eachma no fiabhras leana ar mo leanbh? 30
Sa gcás go bhfuil ailléirge ar mo pháiste i gcoinne uibheacha, an féidir leis nó léi an vacsaín a fháil? 30
Ceard faoi chas ina bhfuil titeamas ar mo leanbh no go raibh se/si i dtrithi (taomanna)? 30
Ceard faoi chas ina ndeachaigh mo leanbh faoi scian le deanai no ma ta se beartaithe go rachaidh se/si faoi scian? 31
Ceard a dheanfar ma bhi ceann de na galair seo ar mo leanbh cheana? 31
An ceadmhach mo leanbh a imdhionadh fad is a bhionn se/si i ndluththeagmhail le bean ata ag iompar clainne? 31
An mbionn vacsaini eile de dhith ar leanai airithe chomh maith? 31

Ceisteanna coitianta tar éis imdhíonadh 32

Ceard iad na frithghniomhartha coitianta a d'fheadfadh teacht ar mo leanbh tar eis do/di a bheith vacsainithe agus ceard ba choir dom a dheanamh? 32
Ceard faoi chas ina dtiocfadh frithghniomh ailleirgeach ar mo leanbh le vacsaini? 33
Ceard faoi chas ina bhfuil mo leanbh thios le fo-iarsmai vacsaine ar bith? 33
Ni raibh mo leanbh ar fonamh i ndiaidh na daileoige deiridh de vacsain. Ar choir do/di an chead daileog eile a fhail? 33

Na galair agus na vacsaíní a chuireann cosaint ar fáil orthu 34

- Difteire
- Haemophilus influenza B (Hib)
- Heipititeas B
- An Bhruitineach
- Galar meiningeacocuil C (Men C)
- Leicneach
- Triuch
- Galar niumacocuil
- Polaimiailiteas
- An Bhruitineach Dhearg
- Teiteanas
- Eitinn

An clár vacsaínithe scoile 38

Eolas breise 40

An sceideal imdhíonta óige

do leanaí a rugadh ar nó tar éis an 1ú Iúil 2015

CUIMHNIGH
Gur gá duit do leanbh a thabhairt ar cuairt go dtí do dhochtúir ginearálta CÚIG uaire chun a c(h)úrsa vacsaíní a chríochnú agus le bheith cosanta go hiomlán ar ghalair throma.

Tá an t-imdhíonadh molta go léir atá liostaithe sa phríomhsceideal imdhíonta óige saor in aisce in Éirinn.

Roimh an imdhíonadh

Sula mbeidh do leanbh imdhionta, deanfaidh an dochtuir no an t-altra deimhin de leat go bhfuil do leanbh ar fonamh agus abalta a bheith vacsainithe. Ma ta aon bhuarthai ort no ma ta ceisteanna agat faoi imdhionadh do linbh, cuir ceist ar an dochtuir no ar an altra sula mbeidh do leanbh imdhionta. Is feidir leat tuilleadh eolais a iarraidh chomh maith od'altra slainte poibli ag do chlinic aitiuil de chuid FSS. Is beag fath ata ann nach ndeanfai vacsainiu ar do leanbh.

Mas rud e nach bhfuil tu cinnte faoi rud eigin, ba choir duit labhairt leis an dochtuir no leis an altra sula ndeanfar imdhionadh ar do leanbh.

Ná déan dearmad – Cúig chuairt ar do DG

Ag an mbreith	1	2
	2 Mhí	4 Mhí

An bhfuil cead agam rud ar bith a thabhairt do mo leanbh roimh ré?

Ta cead agat deoch ata bunaithe ar shiucra a thabhairt do do leanbh roinnt noimead roimh an vacsainiu. Ta se taispeanta go gcabhraionn se seo le pian a mhaolu ar shuiomh an insteallta.

Na tabhair aon leigheas maolaithe peine do do leanbh sula ndeanfar vacsainiu air/uirthi, os rud e go bhfuil taispeanta go laghdaionn siad seo eifeachtacht roinnt vacsaini. Nior choir na leigheasanna seo a usaid ach amhain ma ta fiabhras ard ar do leanbh (breis is 39.5˚C) tar eis an vacsainithe.

3	4	5
6 Mhí	12 Mí	13 Mí

Breith

Cé na cineálacha vacsaínithe a dhéanfar ar mo leanbh nuair a bhearfar é/í?

I ndiaidh breith do linbh, tabharfaidh dochtúir ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FnaSS) an vacsaín BCG i gclinic de chuid FnaSS nó san ospidéal máithreachais. Tugann an vacsaín seo cosaint i gcoinne na hEitinne (TB).

Tugtar an vacsaín seo sa sciathán clé.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

Is gnach go bhfasann goirin beag dearg ar shuiomh an insteallta tri go se seachtaine tar eis an vacsainithe BCG. Beidh an ghoirin ann ar feadh roinnt seachtaini agus d'fheadfadh sileadh beag teacht as. D'fheadfadh gearb fas ar shuiomh an insteallta. Is gnach go dtarlaionn se seo. Imeoidh an ghearb agus fagfaidh si colm beag ina diaidh.

Ba chóir duit coinne a dhéanamh chun freastal ar do Chlinic FSS áitiúil mura bhfuair do pháiste an vacsaín BCG san ospidéal. Inseoidh d'altra slainte poibli duit faoin gcaoi leis seo a dheanamh.

Ní gá moill a chur ar insteallta do linbh ag dhá mhí d'aois mura bhfuil an vacsaín BCG faighte aige/aici.

Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Scriobhfaidh FSS chugat le ra leat cuairt ar do dhochtuir ginearalta a shocru le haghaidh imdhionadh. Mura gcloiseann tu rud ar bith o FSS, ba choir duit socru a dheanamh chun cuairt a thabhairt ar do dhochtuir ginearalta nuair a bheidh do leanbh dha mhi d'aois.

CUIMHNIGH

gur gá duit do leanbh a thabhairt go dtí do dhochtúir ginearálta CÚIG huaire chun a c(h)úrsa vacsaíní a chríochnú agus le bheith cosanta go hiomlán ar ghalair throma. Cuimhnigh ar phas imdhíonta do linbh a thabhairt ar an gcéad chuairt eile, le do thoil.

2 Mhí

1

Scriobhfaidh FSS chugat le ra leat cuairt ar do dhochtuir ginearalta a shocru le haghaidh imdhionadh. Mura gcloiseann tu rud ar bith o FSS, ba choir duit socru a dheanamh chun cuairt a thabhairt ar do dhochtuir ginearalta nuair a bheidh do leanbh dha mhi d’aois.

Cé na cineálacha vacsaínithe a dhéanfar ar mo leanbh agus é/í dhá mhí d’aois?

Nuair a bheidh do leanbh dha mhi d’aois, deanfar dha chineal vacsainithe air/uirthi:

- 6 in 1 chun cosaint a chur ar fail ar dhifteire, haemophilus influenzae B (Hib), heipititeas B, triuch, polaimiailiteas agus teiteanas; agus
- an vacsain PCV chun cosaint a chur ar fail ar ghalar niumacocuil.

Instealltar na vacsaini i gcosa do linbh – ceann amhain sa chos dheas agus ceann amhain sa chos chle.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

D’fheadfadh cos do linbh a bheith tinn no fiabhras a bheith air/uirthi tar eis an vacsainithe. Ma ta fiabhras an-ard air/uirthi ata os cionn 39.5˚C, ta cead agat go leor leachtanna a thabhairt doibh, chomh maith le paraiceiteamol no iobuproifein. Féach ar leathanach 32 chun tuilleadh comhairle a fháil, le do thoil.

Ma ta tu buartha faoi do leanbh, dean teagmhail le do dhochtuir ginearalta, d’altra cleachtaidh no d’altra slainte poibli chun tuilleadh comhairle a fhail, le do thoil.

Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Nuair a bheidh vacsainiu deanta ar do leanbh ag dha mhi d’aois, ba choir duit coinne a shocru le do dhochtuir ginearalta le haghaidh vacsainiu do linbh ag ceithre mhi d’aois. Ba choir duit meabhruchan a chur i d’fhon chomh maith, no data an chead choinne eile ag do leanbh a scriobh ar fheilire.

CUIMHNIGH

Gur gá duit do leanbh a thabhairt ar cuairt go dtí do dhochtúir ginearálta CEITHRE huaire eile chun a c(h) úrsa vacsaíní a chríochnú agus le bheith cosanta go hiomlán ar ghalair throma. Cuimhnigh ar phas imdhíonta do linbh a thabhairt leat ar an gcéad chuairt eile, le do thoil.

4 Mhí

2

Cé na cineálacha vacsaínithe a dhéanfar ar mo leanbh agus é/í ceithre mhí d'aois?

Nuair a bheidh do leanbh ceithre mhi d'aois, deanfar dha chineal vacsainithe air/uirthi:

- 6 in 1 (seo an vacsainiu ceanna a rinneadh ar do leanbh nuair a bhi se/si dha mhi d'aois); agus
- vacsain Men C chun cosaint a chur ar fail ar ghalar meiningeacocuil C.

Instealltar na vacsaini i gcosa do linbh – ceann amhain sa chos dheas agus ceann amhain sa chos chle.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

D'fheadfadh cos do linbh a bheith tinn no fiabhras a bheith air/uirthi tar eis an vacsainithe. Ma ta fiabhras an-ard air/uirthi ata os cionn 39.5˚C, ta cead agat go leor leachtanna a thabhairt doibh, chomh maith le paraiceiteamol no iobuproifein. Féach ar leathanach 32 chun tuilleadh comhairle a fháil, le do thoil.

Ma ta tu buartha faoi do leanbh, dean teagmhail le do dhochtuir ginearalta, d'altra cleachtaidh no d'altra slainte poibli chun tuilleadh comhairle a fhail, le do thoil.

Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Nuair a bheidh vacsainiu deanta ar do leanbh ag ceithre mhi d'aois, ba choir duit coinne a shocru le do dhochtuir ginearalta le bheith i lathair le haghaidh vacsainiu do linbh ag se mhi d'aois.Ba choir duit meabhruchan a chur i d'fhon chomh maith, no data an chead choinne eile ag do leanbh a scriobh ar fheilire.

CUIMHNIGH

gur gá duit do leanbh a thabhairt ar cuairt go dtí do dhochtúir ginearálta TRÍ huaire eile chun a c(h)úrsa vacsaíní a chríochnú agus le bheith cosanta go hiomlán ar ghalair throma.

Cuimhnigh ar phas imdhíonta do linbh a thabhairt leat ar an gcéad chuairt eile, le do thoil.

6 Mhí

3

Cé na cineálacha vacsaínithe a dhéanfar ar mo leanbh agus é/í sé mhí d'aois?

Tabharfar dhá vacsaín dod' leanbh ag 6 mhí d'aois:

- 6 in 1 (seo an vacsainiu ceanna a rinneadh ar do leanbh nuair a bhi se/si dha mhi agus ceithre mhi d'aois).
- an vacsaín PCV (seo an vacsaín céanna a fuair ar do leanbh nuair a bhí sé/sí dhá mhí d'aois).

Tugtar na vacsaíní seo i gcosa do linbh, ceann sa chos dheas agus ceann eile sa chos chlé.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

D'fheadfadh cos do linbh a bheith tinn no fiabhras a bheith air/uirthi tar eis an vacsainithe. Ma ta fiabhras an-ard air/uirthi ata os cionn 39.5˚C, ta cead agat go leor leachtanna a thabhairt doibh, chomh maith le paraiceiteamol no iobuproifein. Féach ar leathanach 32 chun tuilleadh comhairle a fháil, le do thoil.

Ma ta tu buartha faoi do leanbh, dean teagmhail le do dhochtuir ginearalta, d'altra cleachtaidh no d'altra slainte poibli chun tuilleadh comhairle a fhail, le do thoil.

Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Nuair a bheidh vacsainiu deanta ar do leanbh ag se mhi d'aois, ba choir duit coinne a shocru le do dhochtuir ginearalta le bheith i lathair le haghaidh vacsainiu do linbh ag dha mhi dheag d'aois.Ba choir duit meabhruchan a chur i d'fhon chomh maith, no data an chead choinne eile ag do leanbh a scriobh ar fheilire.

Seolfaidh FSS litir chugat chun tú a chur ar an eolas faoi na vacsaíní a mba chóir dod' leanbh a fháil ag 12 agus 13 mhí d'aois.

CUIMHNIGH

gur gá duit do leanbh a thabhairt ar cuairt go dtí do dhochtúir ginearálta DHÁ uair eile chun a c(h)úrsa vacsaíní a chríochnú agus le bheith cosanta go hiomlán ar ghalair throma.

Cuimhnigh ar phas imdhíonta do linbh a thabhairt leat ar an gcéad chuairt eile, le do thoil.

12 Mhí

4

Nuair a bheidh an vacsaíniú faighte ag do leanbh ag 12 mhí d'aois, ba chóir duit coinne a shocrú le do dhochtúir i gcomhair vacsaíní do linbh ag 13 mhí d'aois. Ba choir duit cuairt a thabhairt ar do dhochtuirginearalta le haghaidh an imdhionta. Mura gcloiseann tu rud ar bith o FSS, ba choir duit socru a dheanamh chun cuairt a thabhairt ar do dhochtuir ginearalta nuair a bheidh do leanbh dha mhi dheag d'aois.

Cé na cineálacha vacsaínithe a dhéanfar ar mo leanbh agus é/í dhá mhí dhéag d'aois?

Nuair a bheidh do leanbh dha mhi dheag d'aois, deanfar dha chineal vacsainithe air/uirthi:

- an teanndaileog PCV (seo an vacsainiu ceanna a rinneadh ar do leanbh nuair a bhi se/si dha mhi agus se mhi d'aois); agus
- an vacsain MMR chun cosaint a chur ar fail ar an mbruitineach, leicneach agus ar an mbruitineach dhearg.

Is feidir na vacsaini seo a instealladh sa sciathan no sa chos.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

D'fheadfadh sciathan no cos do linbh a bheith tinn no fiabhras a bheith air/uirthi tar eis an vacsainithe. D'fhéadfadh gríos séimh le fiabhras (an bhruitíneach bheag) a bheith ar do leanbh 6 go 10 lá i ndiaidh an vacsaínithe. Níl sé seo tógálach. D'fheadfadh faireoga seileacha do linbh at faoina g(h)iall (leicneach bheag) tri seachtaine tar eis an vacsainithe. Nil se seo togalach.

Ma ta fiabhras an-ard air/uirthi ata os cionn 39.5˚C, ta cead agat go leor leachtanna a thabhairt do/di, chomh maith le paraiceiteamol no iobuproifein. Féach ar leathanach 32 chun tuilleadh comhairle a fháil, le do thoil. Ma ta tu buartha faoi do leanbh, dean teagmhail le do dhochtuir ginearalta, d'altra cleachtaidh no d'altra slainte poibli chun tuilleadh comhairle a fhail, le do thoil.

Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Nuair a bheidh vacsainiu deanta ar do leanbh ag dha mhi dheag d'aois, ba choir duit coinne a shocru le do dhochtuir ginearalta le bheith i lathair le haghaidh vacsainiu do linbh ag tri mhi dheag d'aois.Ba choir duit meabhruchan a chur i d'fhon chomh maith, no data an chead choinne eile ag do leanbh a scriobh ar fheilire.

CUIMHNIGH

Gur gá duit do leanbh a thabhairt ar cuairt go dtí do dhochtúir ginearálta UAIR AMHÁIN EILE chun a c(h) úrsa vacsaíní a chríochnú agus le bheith cosanta go hiomlán ar ghalair throma. Cuimhnigh ar phas imdhíonta do linbh a thabhairt leat ar an gcéad chuairt eile, le do thoil.

13 Mhí

5

Cad iad na vacsaínithe a thabharfar do mo leanbh 13 mhí d'aois?

Nuair a bheidh do leanbh tri mhi dheag d'aois, deanfar dha chineal vacsainithe air/uirthi:

- vacsain teanndaileoige Men C (seo an vacsainiu ceanna a rinneadh ar do leanbh nuair a bhi se/si ceithre mhi agus se mhi d'aois); agus
- vacsain teanndaileoige Hib (rinneadh an vacsainiu seo ar do leanbh cheana mar cheann amhain de chomhchodanna na vacsaine ina bhfuil 6 in 1).

Is feidir na vacsaini seo a instealladh sa sciathan no sa chos.

Céard a tharlóidh tar éis an vacsaínithe?

D'fheadfadh sciathan no cos do linbh a bheith tinn no fiabhras a bheith air/uirthi tar eis an vacsainithe. Ma ta fiabhras an-ard air/uirthi ata os cionn 39.5˚C, ta cead agat go leor leachtanna a thabhairt doibh, chomh maith le paraiceiteamol no iobuproifein. Féach ar leathanach 32 chun tuilleadh comhairle a fháil, le do thoil.

Ma ta tu buartha faoi do leanbh, dean teagmhail le do dhochtuir ginearalta, d'altra cleachtaidh no d'altra slainte poibli chun tuilleadh comhairle a fhail, le do thoil.

Tá an sceideal luathóige críochnaithe ag do leanbh anois. Níl aon ghá le tuilleadh vacsaíní go dtí go mbeidh sé/sí ceathair nó cúig bliana d'aois. Coinnigh pas imdhíonta do linbh sábháilte le haghaidh vacsaíniú amach anseo.

Ionfhabhtuithe agus an chaoi a gcuireann vacsaíní cosaint ar fáil orthu

Is slí shimplí, shábháilte agus éifeachtach é imdhíonadh chun do leanbh a chosaint ar ghalair áirithe. Tá na rioscaí a bhaineann leis na galair seo i bhfad níos mó ná riosca fo-iarsmaí beaga ar bith ó imdhíonadh.



Céard is cúis le hionfhabhtú?

Cruthaitear ionfhabhtu tri fhridini ag dul isteach sa chorp tri ghearrthacha no tri iad a ion-analu no a shlogadh. Is feidir leis na fridini galair amhail meiningiteas (ionfhabhtu ar lineail timpeall na hinchinne), niumoine (ionfhabhtu scamhoige) no seipticeime (nimhiu fola) a chruthu ansin.

Céard is galar tógálach ann?

Is ionann galar tógálach agus galar a scaipeann ó dhuine amháin (duine atá ionfhabhtaithe nó atá ina '(h)iomproir') go duine eile, de gnáth trí chasacht agus ligean sraoth. Is ionann iomproiri agus daoine ata 'ag iompar' fridini ina gcorp ach nach bhfuil tinn iad fein. Mar shampla, ta fridini meiningeacocula ar iompar ag duine amhain as deichniur, ach ni eireoidh ach duine amhain as 10,000 tinn tri mheiningiteas no seipticeime de bharr na bhfridini sin.

Conas a chosnaíonn corp mo linbh é féin ar ionfhabhtú?

Nuair a ionfhabhtaionn fridini corp do linbh, deanann coras imdhionachta do linbh 'antasubstainti'. Deanann antasubstainti an da rud seo a leanas:

- Is e an chead rud a dheanann siad na ionsai agus scriosadh na bhfridini. Ach os rud e go gcaitheann an corp meid airithe ama chun go leor antasubstainti a dheanamh, d'fheadfadh na fridini diobhail a dheanamh do chorp do linbh sular feidir leis na hantasubstainti iad a scriosadh.

- Is e an dara rud a dheanann siad na fanacht i gcorp do linbh chun e/I a chosaint ar ionfhabhtu amach anseo. Ma dheanann na fridini ceanna iarracht do leanbh a ionfhabhtu aris, scriosfaidh antasubstainti na fridini sula mbeidh seans acu tinneas a chur ar do leanbh. Tugtar 'imdhionacht' ar an tsli choireala fridini seo. Seo an fath a thogann an chuid is mo daoine galair amhail an bhruitineach no deilgneach uair amhain, fiu ma bhionn siad nochta doibh go minic.

Is i an fhadhb le himdhionacht nadurtha a fhail ar fhridini na go mbionn ar do leanbh eiri tinn sula mbeidh imdhionacht aige/aici. Deanta na firinne, d'fheadfadh roinnt fridini tinneas trom a chur ar do leanbh no e/i a mharu fiu, sula mbeidh a c(h)orp in ann go leor antasubstainti a chruthu chun na fridini a scriosadh.

Conas a oibríonn vacsaíní?

Nuair a dheantar vacsainiu ar do leanbh, freagraionn a c(h)orp tri antasubstainti a dheanamh, amhail is go raibh se/si tar eis an galar a tholgadh gan eiri tinn. Deanann a c(h)orp antasubstainti ansin chun an vacsain a scriosadh agus fanann siad seo i gcorp do linbh agus tugann siad cosaint do/di ar an ngalar fein.

Cé mhéad am a thógann vacsaíní le tosú ag obair?

De ghnath, togann se roinnt seachtaini ar vacsaini tosu ag obair, mar sin, ni bheidh cosaint ag do leanbh ar an bpointe boise. Chomh maith leis sin, caithfear an chuid is mo vacsaini a thabhairt roinnt uaireanta chun cosaint fhadtearmach a chruthu. Mar shampla, nil ach leathchosaint ag leanbh a fhaigheann daileog amhain no dha dhaileog den vacsain treacha ar an ngalar sin agus d'fheadfadh se/si triuch a tholgadh fos.

Cén fáth a bhfuil níos mó ná aon dáileog vacsaíne amháin de dhíth ar mo leanbh?

Tugtar breis is daileog amhain den vacsain cheanna i rith na gcead bhlianta de shaol an linbh. Feabhsaionn na daileoga breise freagra na n-antasubstainti agus tugtar cosaint fhadtearmach nios fearr da bharr. Tugtar teanndaileoga vacsaini airithe chomh maith do leanai scoile chun cosaint fhadtearmach nios fearr a chur ar fail.

Míniú ar an sceideal

Ba chóir do pháistí a bhfuil cónaí orthu in Éirinn na vacsaíní a fháil faoin sceideal Éireannach.

Tá an sceideal imdhíonta do pháistí athraithe do gach leanbh a rugadh ar nó tar éis an 1ú Iúil 2015.

Cén fáth ar athraíodh an sceideal?

Athraíodh an sceideal imdhíonta MenC ó thrí dháileog ag 4 mhí, sé mhí agus 13 mí go dtí dhá dháileog ag ceithre mhí agus 13 mí. Is é an fáth ar athraíodh an sceideal ná gur eol dúinn anois go bhfaigheann leanaí an chosaint céanna ó dhá dháileog is a fhaigheann said ó thrí dháileog. Gheobhaidh do pháiste teanndáileog MenC sa scoil dara leibhéal.

Cén fáth a dtugtar vacsaíní ag aois chomh luath sin?

Deantar vacsaini a instealladh ag aois og toisc gurb iad leanbain oga an dream is leochaili i leith na ngalar seo agus is ga iad a chosaint chomh luath agus is feidir. Bíonn leanaí faoi 6 mhí d'aois i gcontúirt níos mó go mbeidh deacrachtaí acu de bharr an treacha, mar shampla (bíonn ar 6 as gach 10 a thabhairt go dtí an ospidéal, agus faigheann 9 as gach 10 bás de bharr an treacha san aoisghrúpa seo). Ni gnach go moltar vacsainiu MMR le haghaidh leanai faoi bhun 12 mhi d'aois, toisc go bhfuil an seans ann nach n-oibreoidh se i gceart.

Cé chomh trom is atá na galair?

D'fheadfadh ceann ar bith acu leanbh no duine fasta a mharu. Ta se easca dearmad a dheanamh ar a throime is ata siad toisc nach mbionn siad ann chomh minic is a bhi san am ata thart, a bhuiochas sin ar vacsaini go hairithe.

Mharaiodh an bhruitineach na milte daoine in aghaidh na bliana san Eoraip agus sna Stait Aontaithe. Sna 1940 agus 1950, bhi na milte paiste fagtha ina mairtinigh no fuair siad bas de pholaimiailiteas. Tharla se chomh deanach le lar na 1980 go raibh 100 leanbh in aghaidh na bliana thios le meiningiteas agus seachghalair throma eile mar gheall ar ionfhabhtu Hib in Eirinn.

Nil aon athru tagtha ar na galair seo. Is feidir leo a bheith mar chuis le niumoine, tachtadh, meiningiteas, lot inchinne agus fadhbanna croi go foill I measc leanai nach bhfuil cosanta. Maraionn na galair seo leanai fos in a lan aiteanna ar fud an domhain, fiu amhain in Eirinn.

An dtugtar an iomarca vacsaíní?

Bionn roinnt tuismitheoiri buartha go bhfeadfadh sraith vacsaini ag an am ceanna ualach romhor a chur ar choras imdhionachta a linbh no go bhfuil an seans ann nach n-oibreodh na vacsaini i gceart.Ach nior choir a bheith buartha faoi rud ar bith, os rud e go bhfuil coras imdhionachta do linbh in ann deileail le vacsaini go heasca. Ta se leirithe ag tuarascalacha staideir go bhfuil vacsaini direach chomh sabhailte agus direach chomh heifeachtach nuair a thugtar iad le cheile is ata siad nuair a thugtar iad ina n-aonar. Mar shampla, da mba rud e go bhfuair do phaiste instealltai singile in ionad na vacsaine MMR comhcheangailte, bheadh se/si nochta do ghalair amhail an bhruitineach, leicneach no an bhruitineach dhearg ar feadh treimhse nios faide agus ba gha se instealladh a dheanamh air/uirthi in ionad dha cheann.

Ta ga le meid airithe instealltai chun an chosaint is laidre is feidir a thabhairt do do phaiste, mar sin, ta se tabhachtach an cursa a chriochnu. Laghdaitear lion na n-instealltai le husaid vacsaini comhcheangailte, nuair a chuirtear roinnt vacsaini eagsula le cheile in aon instealladh amhain. Roghnaitear na haoiseanna ag a moltar an vacsainiu a dheanamh chun an chosaint is luaithe agus is fearr ar ghalair a thabhairt do do leanbh.

An oibreoidh imdhíonadh fós mura ndéanfar ar mo leanbh é ag an am ceart?

Oibreoidh. Is ceadmhach an chuid is mo den vacsainiu seo a dheanamh ag aois ar bith, agus ni ga do leanbh a chaill instealladh amhain i rith cursa instealltai tosu o thus aris.

Oibreoidh na vacsaini a tugadh cheana go foill agus forbroidh cosaint i gcorp do linbh go foill. Ni ga ach ceist a chur ar do dhochtuir ginearalta faoi seo.

Ní mór an vacsaíniú a dhéanamh ar do leanbh ag an aois cheart,ionas go mbeidh sé/sí cosanta ar ghalair throma nuair a bheidh sé/sí go leochaileach.

BÍODH AN VACSAÍNIÚ DÉANTA IN AM GACH UAIR

Céard a tharlóidh mura ndéanfar an vacsaíniú seo ar mo leanbh?

Go bunusach, d'fheadfadh rud amhain as dha rud eagsula tarlu:

- Ma chaitheann do leanbh a s(h)aol gan a bheith nochta do na galair seo riamh, ni tharloidh rud ar bith.
- Ma nochtar do leanbh do cheann ar bith de na galair seo mar leanbh no mar dhuine fasta, is maith an seans go dtiocfaidh an galar air/uirthi.

D'fheadfadh do leanbh:

- eiri reasunta tinn agus go mbeadh air/uirthi fanacht istigh ar feadh roinnt laethanta; no
- eiri an-tinn agus go mbeadh air/uirthi dul go dti an t-ospideal no go bhfaigheadh se/si bas sa chas is measa.

D'fheadfadh do leanbh na galair sin a scaipeadh go daoine eile nach bhfuil cosanta chomh maith, amhail leanai ata ro-og le bheith vacsainithe. D'fheadfadh a lan daoine eiri an-tinn agus d'fheadfadh roinnt acu bas a fhail mura bhfuil go leor daoine cosanta i do phobal.

Cé chomh mór is atá an seans go mbeidh mo leanbh nochta do na galair seo?

Is ri-annamh a fheictear cuid de na galair seo in Eirinn inniu, mar sin ta seans beag nochta ann, ach ta cinn eile ann ata coitianta go leor go foill. Feictear cuid de na galair go hannamh in Eirinn ach ta siad coitianta in aiteanna eile ar domhan, mar sin d'fheadfadh do phaiste na galair sin a thogail agus e/i ag taisteal thar lear.

Nior choir duit talamh slan a dheanamh de go bhfuil do phaiste sabhailte go hiomlan ar ghalair, fiu amhain na cinn a fheictear go hannamh. Ta difteire ann go foill i roinnt tiortha san Aise. Tharla paindeim mhor pholaimiailitis in Oirthear na hEorpa i rith 2010. Ta an polaimiailíteas le fáil sa Phacastáin, sa Nigéir, san India, san Afganastáin agus sa Nigéir, fós.

Os rud e go bhfuil meadu tagtha ar an meid taistil a dheantar go dti agus o na tiortha seo, d'fheadfadh na galair seo eiri nios coitianta. Mura mbionn go leor daoine imdhionta, tarloidh eipideimi da bharr go cinnte. Mas rud e nach bhfuil do leanbh imdhionta, ta baol nios mo ann go dtogfaidh se/si na hionfhabhtuithe seo nuair a bheidh se/si nios sine. Ta roinnt ionfhabhtuithe nios dainsearai i measc deagoiri no daoine fasta na mar ata siad i measc leanai. Mar shampla, d'fheadfadh leicneach i measc buachailli in aois an deagora no i measc na bhfear og at na magairli a chruthu, agus ma thogann bean an bhruitineach dhearg i rith an luath-thoirchis, d'fheadfadh si seo machaili breithe mora a chur ar an leanban. D'fheadfadh an bhruitineach a bheith nios troime i measc daoine fasta.

An oibríonn vacsaíní i gcónaí?

Oibrionn vacsaini an chuid is mo den am, ach ni oibrionn siad i gconai. Cosnaionn an chuid is mo d'imdhionadh oige 90% go 99% de na leanai a ndeantar orthu e, ach tarlaionn se uaireanta nach bhfreagraionn corp linbh airithe do vacsaini airithe.

Seo fath eile a bhfuil se tabhachtach go ndeanfai imdhionadh ar gach leanbh. Ta leanbh nar fhreagair d'imdhionadh ag brath ar imdhionadh na ndaoine eile thart timpeall air/uirthi chun cosaint a chur ar fail. D'fheadfadh do leanbh a bheith ionfhabhtaithe ag leanbh nach bhfuil imdhionaithe ach ni ag leanbh ata imdhionach.

Éifeachtacht Vacsaíní

Vacsaín	**Céatadán na leanaí imdhíonacha tar éis instealladh na ndáileog molta vacsaíne**
Vacsaín BCG	Suas le 80%
Vacsaín diftéire	97%
Vacsaín Heipitíteas B	80-100%
Vacsaín Hib	95-100%
Vacsaín MMR	95%
Vacsaín Men C	90%
Vacsaín treacha	75-90%
Vacsaín niúmacocúil (PCV)	90%
Vacsaín polaimiailítis	99%
Vacsaín teiteanais	Beagnach 100%

I scoil 1,000 dalta

Gan vacsaín MMR

- ➜ 1,000 cás den bhruitíneach
- ➜ Tagann niúmóine ar 40 leanbh
- ➜ Tagann ionfhabhtú cluaise ar 50 leanbh
- ➜ Faigheann 1-2 leanaí bás

Vacsaínithe le MMR

- ➜ 50 cás den bhruitíneach
- ➜ Tagann niúmóine ar 2 leanaí
- ➜ Tagann ionfhabhtú cluaise ar 2-3 leanaí

Comhábhair agus sábháilteacht Vacsaíní

Céard atá istigh i vacsaíní?

Cuimsionn vacsaini comhabhair ghniomhacha (an vacsain fein) agus breiseain amhail leasaithigh agus cobhsaitheoiri.

Comhábhair ghníomhacha

Déantar cuid de na vacsaíní as na frídíní céanna a bhíonn ina chúis ionfhabhtaithe, ach maraítear nó lagaítear na frídíní sna vacsaíní ionas nach ndéanfaidh siad do leanbh tinn agus chun go mbeidh siad sábháilte le n-úsáid.

Breiseáin

D'fheadfadh na nithe seo a leanas a bheith sna vacsaini:

- meid beag leasaithigh chun an vacsain a chosaint ar eilliu
- breiseain eile le cinntiu go bhfuil an comhabhar gniomhach vacsaine measctha go cothrom ar fud an mheascain insteallta agus
- meid beag de shalann alumanaim, rud a chabhraionn leis an gcorp freagairt don vacsain ar bhonn nios fearr.

Ta an leibheal breisean i vacsaini an-iseal agus laistigh de na leibheil ata molta go hidirnaisiunta. Ni chruthaionn na breiseain seo aon fhadhbanna slainte troma i leanbain agus leanai oga.

Níl aon thiomersal sna vacsaíní a úsáidtear sa chlár luath-óige.

An bhfuil vacsaíní sábháilte?

Ta na vacsaini a usaidtear in Eirinn sabhailte. Is feidir le fo-iarsmai a bheith ag baint le gach cineal leighis, ach bionn siad seo lag de ghnath i gcas vacsaini, amhail sciathan no cos thinn no fiabhras lag. Is ri-annamh a bhionn fo-iarsmai troma ag baint le vacsaini.

Leirionn taighde as aiteanna ar fud an domhain gurb e imdhionadh an tsli is sabhailte chun slainte do linbh a chosaint. Is feidir le do dhochtuir no d'altra na rioscai a phle leat sula ndeanfar vacsainiu ar do leanbh.

Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais faoi na vacsaíní atá á n-úsáid?

Tá tuilleadh eolais ar fáil i gcáipéisí ceadúnaithe na vacsaíní. An Bhileog Eolais don Othar(BEO) agus an Achoimre ar Shaintréithe an Táirge(AST) a thugtar orthu seo. Tá siad ar fáil ar na láithreáin gréasáin seo a leanas:

- www.medicines.ie
- www.hpra.ie/homepage/medicines/medicines-information/find-a-medicine
- www.ema.europa.eu/ema/

Ní mór duit ainm na vacsaínithe a bheith ar eolas agat chun na suíomhanna seo a chuardach. Tá ainmneacha gach táirge vacsaíne ar fáil ar ár suíomh idirlíon www.immunisation.ie

Tá liosta na gcomhábhar ar fáil sa Bhileog Eolais don Othar.

Tá eolas níos sonraithe ar fáil san Achoimre ar Shaintréithe an Táirge (AST). Bíonn leagan amach caighdeánach ar AST. Féach ar Cuid 2 chun a fháil amach cad atá i ngach vacsaín – an comhdhéanamh cháilíochtúil agus cainníochtúil agus Cuid 6 – liosta támháin.

Tá na vacsaíní molta go léir a úsáidtear chun leanaí a chosaint in Éirinn ceadúnaithe ag Bord Leigheasra na hÉireann nó ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach. Tugtar cead chun iad a úsáid san aon chás go bhfuil taispeánta go bhfuil siad éifeachtach agus sábháilte.

Céard faoi na scéalta sceimhle?

Ta a fhios againn nach gcruthaionn vacsaini uathachas, diaibeiteas, sclearois iolrach, ailleirgi, asma na neamhord easnamh airde (rud ar a dtugtar hipirghniomhaiocht go coitianta).

Ach nuair a tharlaionn rudai dar leanai timpeall an ama a dheantar imdhionadh orthu, is feidir linn a bheith ag ceapadh go micheart go bhfuil nasc idir an da rud.

Sa bhliain 1998, d'fhoilsigh an Dr. Andrew Wakefield staidéar RA sa Lancet faoin nasc atá idir an vacsaín MMR agus an t-uathachas nó an galar putóige.

Mar shampla, tugtar comharthai an uathachais faoi deara de ghnath timpeall na haoise a ndeantar vacsainiu MMR ar leanai, ach nil ceann amhain mar chuis le ceann eile. Os rud e go n-imdhiontar an chuid is mo leanai, ta seans mor ann go mbionn imdhionadh deanta ar na leanai i riochtai slainte amhail uathachas, asma no neamhord easnamh airde chomh maith. Ta na tuarascalacha staideir a rinneadh le fail amach ar dhochula go mbeidh leanai a bhfuil imdhionadh deanta orthu sna riochtai seo, ta siad tar eis a thaispeaint nach bhfuil aon cheangal ann idir na riochtai seo agus vacsaini.

Ta taighde cuimsitheach deanta ar an vacsain MMR sa RA, sna SAM, sa tSualainn agus san Fhionlainn, a raibh na milte leanbh pairteach ann. Leirigh an taighde seo nach bhfuil aon cheangal ann idir MMR agus uathachas. Rinne staidear amhain scrudu ar gach leanbh a rugadh sa Danmhairg o 1991 go dti 1998. Rinneadh vacsainiu MMR ar 82% de na leanai a rugadh sa Danmhairg i rith na treimhse sin. Rinne na taighdeoiri scrudu ar na taifid ar bhreis is leathmhilliun leanbh agus fuarthas go raibh an riosca ceanna uathachais ann i measc leanai imdhionaithe is a bhi I measc leanai nach raibh imdhionaithe.

Baineadh ainm an Dr Andrew Wakefield den chlár leighis i 2010 de bhrí gur caitheadh amhras ar a chuid taighde.

Aontaionn saineolaithe o gach cearn den domhan, an Eagraiocht Dhomhanda Slainte san aireamh, nach bhfuil aon cheangal ann idir MMR agus uathachas.

Ceisteanna coitianta faoi Imdhíonadh

An bhfuil aon pháistí ann nár chóir dóibh na vacsaíní seo a fháil?

Níl ach fíor bheagán páistí ann nár chóir dóibh na bun-vacsaíní a fháil ina n-óige.

Níor chóir dod' pháiste an vacsaín a fháil má bhí frithghníomhú an-dona aige/aici (anaifiolacsas) i gcoinne aon vacsaín roimhe seo nó i gcoinne aon chuid den vacsaín. Ba chóir an vacsaíniú MMR a chur siar ag 12 mhí d'aois má bhí:

- do pháiste ag tógáil go leor stéaróidigh
- do pháiste ag fáil cóir leighis ar nós ceimiteiripe nó radaiteiripe
- aon tinneas nó galar ar do pháiste a ghoileann ar a c(h)óras imdhíonachta

An bhfuil aon fháthanna ann ar chóir moill a chur ar imdhíonadh?

Is beag fath leighis ata ann le moill a chur ar imdhionadh. Ma ta teocht ard ar do leanbh, ba choir an t-imdhionadh a chur siar go dti go mbeidh biseach tagtha ar do leanbh. Ach is feidir leanbain agus leanai ata ag casacht go bog no a bhfuil slaghdan eadrom orthu no ata ag caitheamh antaibheathach, is feidir iad a imdhionadh go sabhailte agus go heifeachtach.

Má tá imní ort nach bhfuil do leanbh oiriúnach le bheith imdhíonta, labhair le do dhochtúir nó altra sula gcuirfí an t-imdhíonadh siar.

Céard faoi chás ina raibh mo leanbh neamhaibí, go raibh meáchan breithe íseal aige/aici nó go raibh buíochán air/uirthi?

Ta se tabhachtach leanbain neamhaibi a chosaint, mar is mo an baol doibh o ionfhabhtuithe airithe. Go ginearalta, ba choir leanbain neamhaibi a imdhionadh mar is gnach. Mas rud e go raibh meachan breithe an-iseal ag do leanbh, ba choir duit a riachtanais imdhionta a phle le do leanbhlia. Ba choir leanbain a raibh buiochan orthu tar eis na breithe no iad siud a bhfuil cioch a tabhairt doibh a imdhionadh mar is gnach.

Céard faoi chás ina bhfuil galar trom ar mo leanbh?

Ta se an-tabhachtach go ndeantar imdhionadh ar leanai a bhfuil galair throma orthu, mar is minic gur mo an baol doibhsean o sheachghalair ionfhabhtuithe. Ba choir leanai ata i riochtai cobhsai neareolaiocha amhail pairilis cheirbreach no Siondrom Down a imdhionadh mar is gnach.

Ach caithfear a bheith curamach mas feidir le galar an linbh, no a choir leighis, a (h) imdhionacht a laghdu. Ba choir smaoineamh domhain a dheanamh ar imdhionadh leanai a bhfuil ailse no neamhord easpa imdhionachta orthu, no ata ag caitheamh leigheasanna a d'fheadfadh a gcumas troid i gcoinne ionfhabhtuithe a laghdu. Pleigh e seo le do dhochtuir.

Nior choir vacsainiu MMR a dheanamh ar leanai a fuair fuilaistriu no a fuair tairgi fola go dti tri mhi tar eis an fhuilaistrithe.

Céard ba chóir a dhéanamh má tá asma, eachma nó fiabhras léana ar mo leanbh?

Ba choir leanai a bhfuil asma, eachma, fiabhras leana agus ailleirgi orthu a imdhionadh, fiu ma ta ailleirge throm orthu le huibheacha (mar shampla, aodh thochais (tuairteanna dearga tochasacha), at an bheil no na scornai, deacrachtai analaithe, carsanacht, bru fola iseal agus croitheadh).

Ba choir leanai ata ag caitheamh stearoideach tri analoir no in uachtar stearoideach daileoige isle a imdhionadh mar is gnach. Ma ta amhras ar bith ort, labhair leis an dochtuir no leis an altra ata ag deanamh an imdhionta.

An féidir le mo pháiste an vacsaín a fháil má tá ailléirge aige/aice i gcoinne uibheacha?

Creideadh san am ata caite narbh choir vacsainiu MMR a dheanamh ar leanai a bhfuil ailleirge orthu le huibheacha. Is ceadmhach vacsainiu MMRa dheanamh ar leanai a bhfuil ailleirge orthu le huibheacha. Mas rud e nach dtaitnionn uibheacha le do leanbh no ma bhionn buinneach no tinneas boilg air/uirthi tar eis do/di uibheacha a ithe, ni fath maith e seo chun an t-imdhionadh MMR a sheachaint, agus nil aon gha le reamhchuraimi speisialta a dheanamh.

Ma ta amhras ar bith ort, labhair leis an dochtuir no leis an altra ata ag deanamh an imdhionta. Nior choir vacsainiu fliu a dheanamh orthusan a bhfuilailleirge ghear le huibheacha orthu.

Céard faoi chás ina bhfuil titeamas ar mo leanbh nó go raibh sé/sí i dtrithí (taomanna)?

Ba choir na leanai seo a imdhionadh go foill ma ta siad i riocht cobhsai. Tagann taomanna ar roinnt leanai (trithi fiabhrasacha) ma bhionn teocht ard no fiabhras orthu. Ma thagann fiabhras ard air/uirthi (breis is 39.5˚C) tar eis do/di a bheith vacsainithe, tabhair paraiceiteamol no iobuproifein do/di.

Ba choir leanai a bhfuil stair theaghlaigh de thaomanna no titimeas ag baint leo a imdhionadh mar is gnach.

Céard faoi chás ina ndeachaigh mo leanbh faoi scian le déanaí nó má tá sé beartaithe go rachaidh sé/sí faoi scian?

Na cuir an t-imdhionadh siar mas rud e go mbeidh do leanbh ag dul faoi scian no ma tharla se seo le deanai. Nil aon gha le himdhionadh a chur siar toisc go mbeifear ag dul faoi scian, agus nil aon gha le hobraid a chur siar de bharr imdhionadh le deanai.

Céard a dhéanfar má bhí ceann de na galair seo ar mo leanbh cheana?

Ba choir duit do leanbh a imdhionadh ar na galair seo go foill, fiu mas rud e go raibh siad air/uirthi cheana fein. Ta se tabhachtach a bheith cosanta ar na galair go leir a chuimsitear sa vacsain, fiu mas rud e go raibh ceann amhain de na galair ar an leanbh roimhe seo. Ta se seo thar a bheith tabhachtach, os rud e nach bhforbraionn leanai faoi bhun dha bhliain d'aois go leor imdhionacht nadurtha tar eis do bhreoiteacht Hib, Men C no galair niumacocuil a bheith orthu agus ba choir iad a imdhionadh go foill da bharr.

An ceadmhach mo leanbh a imdhíonadh fad is a bhíonn sé/sí I ndlúth-theagmháil le bean atá ag iompar clainne?

Is ceadmhach. Nil aon fhadhb ag baint le gnath-imdhionadh a dheanamh ar leanbh a bhionn i ndluth-theagmhail le bean ata ag iompar clainne. Deanta na firinne, cosnoidh imdhionadh an linbh an mhathair o bheith nochta do ghalair amhail an bhruitineach dhearg.

An mbíonn vacsaíní eile de dhíth ar leanaí áirithe chomh maith?

Bíonn. Tá leanaí ar baineadh amach a liatháin nó a bhfuil fiobróis chisteach, siondróm Down, easpa imdhíonachta, galar croí, scamhóige, ae nó duáin ainsealach, galar corráncheallach nó galair ar nós diaibéiteas orthu i mbaol níos mó ó ionfhabhtuithe airithe. Ma ta aon ghalar fadtearmach ar do leanbh, cuir ceist ar do dhochtuir an bhfuil ga lena (h)imdhionadh ar ghalair amhail fliu no heipititeas A. Ma ta tu le taisteal go tir eile, cuimhnigh ar a fhail amach an bhfuil aon vacsainiu speisialta is ga a dheanamh ar do leanbh.

Má tá aon amhras ort, labhair leis an dochtúir nó leis an altra atá ag tabhairt na h-imdhíontaí.

TÁ NÍOS MÓ DAOINE SÁBHÁILTE AG IMDHÍONADH AR GHALAIR THÓGÁLACHA NÁ AG AON IDIRGHABHÁIL SLÁINTE POIBLÍ EILE, SEACHAS UISCE GLAN A SHOLÁTHAR.

Ceisteanna coitianta tar éis imdhíonadh

Céard iad na frithghníomhartha coitianta a d'fhéadfadh teacht ar mo leanbh tar éis dó/di a bheith vacsaínithe agus céard ba choir dom a dhéanamh?

Frithghníomh Coitianta	Céard ba chóir a dhéanamh
Tinneas, at agus deirge san áit a ndearnadh an t-instealladh	• Tabhair paraicéiteamól nó iobúpróifein chun tinneas agus pianta a mhaolú • Bí cinnte nach bhfuil na héadaí rótheann ná ag cuimilt in aghaidh na háite a ndearnadh an t-instealladh
Fiabhras (breis is 39.5˚C)	• Ná cuir an iomarca éadaí ar do leanbán • Bí cinnte nach bhfuil a s(h)eomra róthe • Tabhair leachtanna breise dó/di le n-ól • Tabhair paraicéiteamól nó iobúpró ife in chun an fiabhras a mhaolú
Tinneas cinn nó colgaí	• Tabhair paraicéiteamól nó iobúpró ife in chun tinneas agus pianta a mhaolú

Cuimhnigh go bhféadfadh do leanbh a bheith tinn ar fháth éigin eile, má éiríonn sé/sí an-tinn tar éis vacsaíniú. Labhair le do dhochtúir ginearálta faoi seo.

NI gnach gur ga do leanai aon leigheas a chaitheamh nuair a dheantar vacsainiu orthu. Ach ma ta fiabhras ar do leanbh (os cionn 39.5˚C) no ma ta se/si tinn san ait a ndearnadh an t-instealladh, ta cead agat paraiceiteamol no iobuproifein a thabhairt do/di.

Cuimhnigh go bhfeadfadh fiabhras teacht ar do leanbh thart ar sé go 10 la I ndiaidh an vacsainithe MMR, mar sin, tabhair paraiceiteamol no iobuproifein do/di ansin.

Ta an daileog pharaiceiteamoil no iobuproifeine a mholtar do do leanbh scriofa ar an mbuideal de reir aois an linbh.

Iarr ar do phoitigeir meascan paraiceiteamoil no iobuproifeine gan siucra ata oiriunach d'aois do linbh a thabhairt duit, le do thoil.

D'fhéadfadh úsáid paraicéiteamóil nó iobúpróifeine thar thréimhse fhada gan comhairle ó dhochtúir dochar a dhéanamh do dhuine.

Céard faoi chás ina dtiocfadh frithghníomh ailléirgeach ar mo leanbh le vacsaíní?

Is ri-annamh a bhionn frithghniomhartha troma ailleirgeacha ag baint le vacsaini. D'fheadfadh frithghniomh trom ailleirgeach teacht ar aon duine amhain as milliun. Ar na comharthai ata ann maidir le frithghniomh trom ailleirgeach, ta deacracht analaithe, piachan, carsanacht, aodh thocais, militheacht, laige, buille tapa croi, meadhran agus at scornai. Ma dheantar coireail thapa ar an bhfrithghniomh, tiocfaidh biseach iomlan ar an leanbh. Ta dochtuiri agus altrai a dheanann imdhionadh oilte le deileail le frithghniomhartha ailleirgeacha.

Céard faoi chás ina bhfuil mo leanbh thíos le fo-iarsmaí vacsaíne ar bith?

Ni bhionn sa chuid is mo fo-iarsmai vacsaini ach frithireacht agus at nopian san ait a ndearnadh an t-instealladh no fiabhras. Is gnach go dtagann leanai o na fo-iarsmai beaga seo taobh istigh de la no dho. Tarlaionn an chuid is mo de na fo-iarsmai beaga seo ar an gcead no ar an dara la tar eis an imdhionta. D'fheadfadh fiabhras nó gríos teacht ar leanaí airithe áfach, sé go 10 lá tar éis an vacsaínithe MMR (an bhruitíneach bheag). Nil se seo togalach.

Déanann An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte monatóireacht ar na fo-iarmhairtí vacsaínithe go léir a thuairiscítear.

Tarlaionn se seo i dtiortha eile chomh maith,ionas gur feidir fo-iarsmai nua agus annamh a bhrath go tapa agus gur feidir aon ghniomhu riachtanach a chur i gcrich.

Ma bhionn aon fho-iarsmai ar do leanbh tar eis imdhionadh, cuir an meid seo in iul do do dhochtuir ginearalta, ionas gur feidir leis no lei e a thuairisciu do Bhord Leigheasra na hEireann.

Ní raibh mo leanbh ar fónamh i ndiaidh na dáileoige deiridh de vacsaín. Ar chóir dó/di an chéad dáileog eile a fháil?

D'fheadfadh roinnt leanai a bheith breoite i ndiaidh a n-imdhionta. Nil aon fhath nar choir an cursa vacsaini a chriochnu de ghnath.Mar sin fein, mas rud e go raibh frithghniomh ailleirgeach trom ar do leanbh (is e sin le ra, croitheadh no deacracht analaithe), nior choir an vacsainiu sin a dheanamh air/uirthi aris go dti go mbeidh a fhios agat cen fath ar tharla se seo. Labhair leis an dochtuir faoin bhfrithghniomh sa chas seo.

Na galair agus na vacsaíní a chuireann cosaint ar fáil orthu

Leagann an tábla ar na chéad leathanaigh eile amach:

- an cur sios ar na **galair**
- **éifeachtaí** an ghalair agus
- **fo-iarsmaí** feideartha na vacsaine

Is go fíor annamh a mbíonn fo-iarmhairtí tromchúiseacha ann

Galar	Tionchair an ghalair	Fo-iarmhairtí an ghalair
Diftéire – Scaipeann na baictéir tógálacha seo de bharr dlúth theagmháil le duine ionfhabhtaithe nó le h-iompróir. Bíonn scornach thinn agus fadhbanna móra análaithe mar thoradh air.	Má tholgann 100 duine an diftéire: • Gheobhaidh 5 bás Scaoileann an baictéir tocsain (nimh) a d'fhéadfadh a bheith ina údar pairilis nó teip croí.	Má fhaigheann 100 duine imdhíonadh: • Beidh mí-chompord, deargadh agus at ar 10 san áit ar tugadh an t-instealladh nó beidh fiabhras orthu.
Haemophilus influenzae cineál B (Hib) – baictéir tógálach a scaipeann de bharr dlúth theagmháil le duine ionfhabhtaithe agus atá ina chúis le meiningíteas (at na líneála san inchinn), eipeaglotais (at na scornaí a mbíonn tachtadh mar thoradh air), seipticéime (nimhiú fola) agus oistéimiailíteas (ionfhabhtú cnáimhe).	Má tholgann 100 duine an Meiningíteas Hib: • Caillfear cúigear. • Beidh damáiste inchinne buan nó bodhaire ar 25 duine. Má tholgann 100 duine an Hib eipeaglótais (at scornaí a mbíonn tachtadh mar thoradh air): • Caillfear duine amháin.	Má fhaigheann 100 duine imdhíonadh: • Beidh míchompord, deargadh agus at san áit a tugadh an t-instealladh ar 20 • Beidh fiabhras ar bheirt.
Heipitíteas B – víreas tógálach a scaiptear de bharr teagmhála fola nó sreabhán coirp eile ó dhuine ionfhabhtaithe. Bíonn galar ae mar thoradh air. Tá páistí i gcontúirt níos mó ionfhabhtú heipitítis B a fháil ar feadh a saoil.	Má fhaigheann 100 duine ionfhabhtú heipitítis B: • Caillfear 25 duine de bharr cholm ae (ciorróis) nó ailse ae.	Má fhaigheann 100 duine imdhíonadh: • Beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh, nó fiabhras ar 10.

Galar	Tionchair an ghalair	Fo-iarmhairtí an ghalair
An Bhruitíneach – víreas an-tógálach a scaipeann de bharr dlúth theagmháil le duine ionfhabhtaithe, agus atá ina údar fiabhrais, casachta agus gríos.	Má fhaigheann 1000 duine an bhruitíneach: • Caillfear duine nó beirt. • Beidh ionfhabhtú cluaise ar 50. • Beidh niúmóine nó broincíteas ar 40. • Beidh trithí (taomanna) ar 5. • Beidh buinneach ar 160. • Beidh einceifealaíteas (at na h-inchinne) ar dhuine amháin. I measc gach 10 bpáiste a tholgann einceifealaíteas: - caillfear duine amháin - beidh lot inchinne ar tuairim is 4. • Tolgann páiste amháin as gach 8000 faoi dhá bhliain d'aois an SSPE (meatha inchinne), rud a d'fhéadadh tarlú blianta fada i ndiaidh na bruitíní a tholg agus bíonn sé marfach i gcónaí. • Beidh fadhb téachta fola ag duine amháin as gach 6000.	Má fhaigheann 100 duine imdhíonadh: • Beidh mí-chompord, deargadh agus at ar 100 san áit ar a tugadh an t-instealladh dóibh nó beidh fiabhras orthu. • Beidh gríos ar 50 duine sé nó 10 lá ina dhiaidh (níl sé seo tógálach). • Beidh trithí (taomanna) ar dhuine amháin. Tiocfaidh einceifilíteas (at na hinchinne) ar dhuine amháin as gach 10 milliún. Beidh fadhb téachta fola sealadach ar dhuine amháin as gach 22,000.
Meiningeacocúil C (MenC) – Baictéir tógálach a scaipeann le seile nó dlúth theagmháil le duine ionfhabhtaithe nó iompróir, atá ina chúis do mheiningíteas nó seipticéime nó an dá rud. (Ní thugann an vacsaín MenC cosaint i gcoinne cineálacha eile meiningítis, ina measc meiningíteas de bharr an ghalair Meiningeacocúil B).	Má fhaigheann 100 duine an galar MenC: • Gheobhaidh 5 bás. • Beidh míchumas tromchúiseach ar 10 de bharr an galar Meiningeacocúil ar nós bodhaire, lot inchinne nó cailleadh méara, ladhracha, lámha, cosa nó géaga.	Má fhaigheann 100 leanbh imdhíonadh: • Beidh míchompord deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ar 5 • Beidh fiabhras ar 5. • Beidh 50 acu greannaitheach. • Beidh tinneas boilge nó urlacan ar dhuine amháin.

Na galair agus na vacsaíní a chuireann cosaint ar fáil orthu (ar lean)

Is go fíor annamh a mbíonn fo-iarmhairtí tromchúiseacha ann

Galar	Tionchair an ghalair	Fo-iarmhairtí an ghalair
Leicneach – víreas tógálach a scaipeann de bharr dlúth theagmháil le duine ionfhabhtaithe, a mbíonn faireoga muiníl ata agus fiabhras mar thoradh air.	Má fhaigheann 1000 duine an leicneach: • Beidh meiningíteas víreasach ar 50 acu. • Beidh einceifealaíteas (at na h-inchinne) ar dhuine amháin. • Beidh magarlaí ata ag 400 fear a raibh leicneach acu. • Beidh fiabhras, tinneas cinn, faireoga seileacha ata faoin ngiall ar 300. • Beidh duine amháin as gach 20,000 bodhar. Is annamh a bhíonn easpa torthúlacht ar fhir de bharr na leicní.	Má fhaigheann 1000 duine imdhíonadh: • Beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an instealladh ar 100, nó beidh fiabhras orthu. • Sa tríú seachtain i ndiaidh an imdhíonta, beidh faireoga seileacha ata faoin ngiall ar 10 (níl sé seo tógálach). • Beidh einceifealaíteas (at na h-inchinne) séimh ar dhuine amháin as gach 10 milliún.
Triuch – baictéir a scaiptear de bharr dlúth theagmháil le duine ionfhabhtaithe agus a mbíonn casacht treacha agus urlacan mar thoradh air. D’fhéadfadh an galar a bheith ann ar feadh trí mhí.	Má fhaigheann 1,000 duine an triuch: • Caillfear 2 le niúmóine nó lot inchinne (bíonn formhór na mbásanna i measc pháistí faoi 6 mhí d’aois). • Beidh trithí ar 10 (ar 15 má tá siad faoi 6 mhí d’aois). • Beidh einceifealaíteas (at na h-inchinne) ar dhuine amháin (ar bheirt más faoi 6 mhí d’aois). • Beidh niúmóine ar 50 (ar 100 más faoi 6 mhí d’aois iad) • Cuirfear 200 san ospidéal.	Má fhaigheann 1,000 imdhíonadh: • Beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ar 100 nó beidh fiabhras orthu. Beidh 4 as gach 10,000 ag caoineadh ar feadh trí h-uair a chloig i ndiaidh an imdhíonta. Beidh tríthe (taom) ar dhuine as 10,000.
Galar niúmacocúil – baictéir tógálach a scaiptear de bharr dlúth theagmháil le duine ionfhabhtaithe nó iompróir agus a bhfuil galar ionsaitheach ar nós niúmóine, meiningíteas agus seipticéime mar thoradh air.	Má fhaigheann 100 duine an galar niúmacocúil ionrach: • Beidh niúmóine ar 25. • Beidh meiningíteas ar 25. • Caillfear 10.	Má fhaigheann 100 duine imdhíonadh: • Beidh mí-chompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ar 10, nó beidh fiabhras orthu.
Póilió – víreas tógálach a scaiptear de bharr dlúth theagmháil le duine ionfhabhtaithe nó a faecas (cac). Bíonn fiabhras, tinneas cinn agus urlacan mar thoradh air agus d’fhéadfadh pairilis a bheith mar thoradh air.	Má fhaigheann 1,000 duine póilió: • D’fhéadfadh pairilis a bheith ar tuairim is deichniúir. I measc an 10 le pairilis: • Beidh pairilis buan ar 5, agus • D’fhéadfaí go gcaillfí duine amháin.	Má fhaigheann 1000 duine imdhíonadh: • Beidh mí-chompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ar 100.

Is go fíor annamh a mbíonn fo-iarmhairtí tromchúiseacha ann

Galar	Tionchair an ghalair	Fo-iarmhairtí an ghalair
An Bhruitíneach Dhearg – víreas tógálach a scaiptear de bharr dlúth theagmháil le duine ionfhabhtaithe. Bíonn gríos, fiabhras agus faireoga ata mar thoradh air. D'fhéadfadh neamhoird tromchúiseach ó bhroinn a bheith mar thoradh air má tholgann an mháthair an bhruitíneach dhearg go luath sa toirchis.	Má fhaigheann 100 máthar an bhruitíneach dhearg go luath ina dtoircheas: • Beidh éalang bhreithe thromchúiseach ar 90 leanbh ar nós bodhaire, daille, lot inchinne nó éalang chroí. Má tholgann daoine an bhruitíneach dhearg: • Gheobhaidh duine as gach 3000 trombaicítipéine (brú craicinn nó fuiliú craicinn). • Beidh einceifealaíteas (at na h-inchinne) ar dhuine amháin as gach 6000. • Beidh gríos agus faireoga ata pianmhara ar dhuine amháin as gach beirt. • Beidh pianta na n-alt ar leath na mná a tholgann an bhruitíneach dhearg.	Má fhaigheann 100 duine imdhíonadh: • Beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ar 10 nó beidh fiabhras orthu • Beidh faireoga ata, muineál righin nó pianta na n-alt ar chúigear. • Beidh gríos ar chúigear. (Níl an gríos seo tógálach). • Beidh brú craicinn nó fuiliú ar dhuine amháin as gach 25,000. Tolgfaidh duine amháin as gach 10 milliúin, einceifealaíteas (at na h-inchinne).
Teiteanas – baictéir ithreach a scaoileann tocsain uaidh agus atá ina chúis le freangaí matán pianmhara, trithí agus glas fiacla.	Má fhaigheann 100 duine teiteanas: • Caillfear 10 Bíonn leanaí óga agus daoine aosta i gcontúirt níos mó uaidh.	Má fhaigheann 100 duine imdhíonadh: • Beidh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh ar 10 nó beidh fiabhras orthu.
Eitinn – Is annamh a leanann fo-iarmhairtí tromchúiseacha é Eitinn (TB) – baictéir tógálach a ionfhabhtaíonn na scamhóga agus a scaipeann de bharr dlúth theagmháil le duine ionfhabhtaithe. Bíonn casacht, cur allais, cailliúint meáchain agus tuirse mar thoradh uirthi. D'fhéadfadh an t-ionfhabhtú a bheith san inchinn nó i gcodanna eile den chorp chomh maith, ach níl an cineál seo tógálach.	Má fhaigheann 100 duine Eitinn: • Beidh tréimhse míonna cóireála de dhíth ar 100 duine le biseach a fháil uaidh.	Má fhaigheann 100 duine imdhíonadh: • Beidh spuaiceanna agus coilm ar beagnach gach duine acu sa lámh inár tugadh an t-instealladh BCG dóibh • Beidh faireoga ata faoin ascaill ar dhuine amháin. D'fhéadfadh duine amháin as gach 1000 ionfhabhtú a tholg ach is féidir é a chóireáil.

An clár vacsaínithe Scoile

Ní mór do pháistí teanndáileog de roinnt de na vacsaíní a fháil ar scoil chun iad a chosaint i gcoinne na ngalair seo.

Gheobhaidh do pháiste dhá vacsaín nuair a thosóidh sé/sí ar scoil:

- An teanndáileog 4 I 1 chun cosaint a fháil ón diftéire, ón triuch, ón phóilió agus ón Teiteanas; agus
- An dara dáileog de vacsaín an MMR chun cosaint a fháil ón bhruitíneach, ón leicneach agus ón bhruitíneach dhearg

Is dochtúir an FnaSS nó altra sa scoil nó an dochtúir teaghlaigh i roinnt ceantair a thugann na vacsaíní seo.

Gheobhaidh do pháiste dhá vacsaín sa gcéad bhliain sa scoil dara leibhéal:

- vacsaín an teiteanas, dáileog íseal diftéire agus teanndáileog vacsaíne treacha; agus
- teanndáileog MenC

Is dochtúir an FnaSS nó altra sa scoil a thugann na vacsaíní seo.

Nuair a bheidh d'iníon sa gcéad bhliain sa scoil dara leibhéil, gheobhaidh sí an vacsaín HPV (papalómaivíreas daonna), chun í a chosaint i gcoinne ailse cheirbheacs.

Is iondúil go dtugtar dhá dháileog den vacsaín seo thar thréimhse 6 go 12 mí.

Is dochtúir an FnaSS nó altra sa scoil a thugann na vacsaíní seo.

Nuair a bheidh an vacsainiu seo a dheanamh ar scoil, inseoidh FSS an data imdhionta duit. Ma chailleann do leanbh an t-imdhionadh sin ar scoil, deanfaidh FSS socru ionas go ndeanfar vacsainiu ar do leanbh i gclinic.

Tá an t-imdhíonadh óige molta go léir atá liostaithe sa sceideal imdhíonta scoile ar fáil saor in aisce in Éirinn.

Ma ta tuilleadh eolais uait, feach ar **www.immunisation.ie**

Tuilleadh eolais

Ta an t-eolas ata tugtha sa leabhran seo ar an eolas is deanai ata ar fail ag an am seo. Ta eolas breise, lena n-airitear naisc leis na Treoirlinte Imdhionta d'Eirinn agus naisc le hacmhainni imdhionta i dtiortha eile, ar fail ag **www.immunisation.ie**

Is feidir leat tuilleadh eolais a fhail faoi imdhionadh o:

FSS

An Oifig Náisiúnta Imdhíonta
Aonad 8/9 Lárionad Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7

Fón: 01 867 6108

Suíomh Gréasáin: **www.immunisation.ie**

An Lárionad Faire um Chosaint Sláinte

25-27 Sráid Ghairdinéir Láir
Baile Átha Cliath 1

Fón: 01 876 5300

Suíomh Gréasáin: **www.hpsc.ie**

Tá tuilleadh eolais faoi na vacsaíní a úsáidtear sna sceidil imdhíonta do leanaí óga agus ar scoil ar fáil ar: **www.immunisation.ie**, **www.hpra.ie/homepage/medicines/medicines-information/find-a-medicine** agus **www.ema.europa.eu/ema/**

Nótaí

Crystal Mark
9242
Clarity approved by
Plain English Campaign

Arna fhoilsiú ag: Oifig Náisiúnta Imdhíonta FSS
Dáta an fhoilsithe: Aibreán 2011

Cód ordaithe: HNI00509GA